

## AN TACHT UM SERIBHÍSÍ UISCE 2007 (ARNA LEASÚ) - ALT 56(16)

### ORDÚ ARNA DHÉANAMH AG UISCE ÉIREANN FAOI AGUS DE BHUN ALT 56(16) D'ACHT UM SEIRBHÍSÍ UISCE 2007 (ARNA LEASÚ)

Uisce Éireann, a bheith den tuairim go bhfuil, nó gur dócha go mbeidh, easnamh tromaí ann ar an uisce atá ar fáil lena dháileadh ar bhonn náisiúnta,

**DEARBHAÍTEAR** leis an Ordú seo faoi agus de bhun Alt 56(16) d'Acht Um Seribhísí Uisce 2007 (arna leasú), ar feadh tréimhse sonraithe atá leagtha amach thíos agus sna limistéir os cionn Foscúbhinn 1, toirmeasc ar uisce a sholáthraíonn Uisce Éireann, sna haicmí úsáide uile atá leagtha amach i gColún 1 thíos ar feadh tréimhse ó 8RN 6 Iúil 2018 lá go dtí 31 Iúil 2018. Dá leanfadh staid na haimsire i réim agus easnamh nó delaraitheacht easnamh tromaí ann ar an uisce atá ar fáil lena dháileadh, féadfaidh gá a bheith ann an toirmeasc seo a leanúint ar feadh tréimhse sonraithe eile, ar mhodh ordú bhreise de bhun an tAcht Um Seribhísí Uisce 2007 (arna leasú).

Ní bheidh an t-ordú beartaithe seo i bhfeidhm ar usáid uisce nach bhfuil soláthartha ag Uisce Éireann.

Leanfaidh an t-ordú seo a rinneadh Uisce Éireann ar 2 Iúil 2018 d'fheidhm a bheith aige ar Soláthair Mhórcheantair Átha Cliath. Déanfar an t-ordú seo i dteannta leis an t-ordú sin maidir le gach limistéir eile ar fud na tíre a tuairiscítear sa léarscáil atá i gcuideachta an t-ordú seo.

COLÚN 1	COLÚN 2
AICMÍ TOIRMISCTHE	TRÉIMHSE SONRAITHE
<p>Usáid uisce a tharraingítear trí píobán uisce nó trí ghaireas dá shamhail chun—</p> <ul style="list-style-type: none"><li>i. uisce a chur ar 'ghairdín'</li><li>ii. mótarfheithicil phríobháideach a ghlanadh le píobán uisce</li><li>iii. bád fóillíochta phríobháideach aghlanadh le píobán uisce</li><li>iv. linn snámha tí a líonadh nó a athlíonadh (seachas gabhdán láimhe a bhfuil líonta díreach ó sconna) a usáid</li><li>v. lochán tí a líonadh nó a athlíonadh le píobán uisce (gan linn éisc a áireamh);</li><li>vi. scairdeán ornáideach a líonadh nó a athlíonadh (seachas iad a usáid chun seirbhísí tráchtála a sholáthar).</li><li>vii. linn snámha, linn shaorga, loch nó ní dá samhail sin a líonadh nó a athlíonadh.</li></ul>	<p>8RN ar 6 Iúil 2018 go dtí meán oíche ar 31 Iúil 2018</p>

**Tréimhse Sonraithe:** Rachfaidh an t-Ordú seo i bhfeidhm ag 08 RN ar 6 Iúil 2018 agus beidh deireadh leis ag meánoiche ar 31 Iúil 2018, ar an gcoinníoll nach bhfuil gá le thréimshé eile toirmeasc agus / no srian a leathnú, ag brath ar choinníollacha an aimsir. D'fhéadfadh deireadh a bheith leis an bhfógra seo roimh an tréimshé sonraithe más féidir, agus aird á thabhairt ar na coinníollacha aimsir i réim agus ar uisce a bheith ar fáil do dháileadh. Mar an gcéanna, má leanann na coinníollacha a bhíonn i réim ar aghaidh, d'fhéadfaí riachtanach trí fógraí breise, an tréimhse sonraithe a leathnú in am agus go husáideoirí uisce eile.

Is féidir cóip den t-Ordú a fháil ag oifig cláraithe Uisce Éireann ag Teach Colvill, 24-26 Sráid Thalbóid, BÁC 1 no ag an suíomh <https://www.water.ie/>

AON DUINE A SHÁRÓIDH AN T-ORDÚ SEO, BEIDH SÉ NÓ SÍ CIONTACH I GCION AGUS DLÍFEAR, AR É NÓ Í A CHIONTÚ GO HACHOMAIR, FÍNEÁIL NACH MÓ NÁ €5,000 A CHUR AIR NÓ UIRTHI.

Arna dhátú an 6ú Iúil 2018

Arna thabhairt faoi chomhshéala Uisce Éireann:

i bhfianaise:-

---

Stiúrthóir

---

Rúnaí

## Foscáil 1 Foscáil 1 ar Ordú Uisce Éireann dátaite 6ú Iúil 2018

### Léarscáil ar Sholáthar Náisiúnta Uisce Poiblí

- San áireamh: Gach ceantair (Oileáin as Cósta na hÉireann san áireamh) le huisce soláthartha ag Uisce Éireann.
- Eisiata: Limistéar Soláthair Mhórchéantair Bhaile Átha Cliath (tá Limistéar Soláthair Mhórchéantair Bhaile Átha Cliath clúdaithe cheana féin ag Ord, dátaite 2 Iúil 2018, de bhun Alt 56(16) Acht um Sheirbhísí Uisce 2007, arna leasú)

Is é/iad An limistéar/ na limistéir imlínithe i ndearg ar an léarscáil seo an limistéar/na limistéir ina bhfeidhmeoidh tOrdú ar feitheamh (féach freisin an léarscáil sonraithe atá ar fáil ar shuíomh idirlín Uisce Éireann ag <https://www.water.ie>).